

# BITKOAN

Vladimir Kopicl



Aistriúchán: Séamus Mac Conmidhe

**focail**eile  
||| |

**druge**besede  
||| |

Co-funded by the  
Creative Europe Programme  
of the European Union



**Vladimir Kopicl**

**BITKOAN**

**1 (Veles - Bitola, 5 Lúnasa, 2017)**

Sléibhte, sléibhte, sléibhte.

Agus taobh thiar díobh seo tuilleadh sléibhte.

An t-aer díreach dofheicthe ag 40 céim,

agus iad seo sínte i líne dhíreach, sea, 40 céim gach áit

tugtha dúinn go léir, gach áit, gach duine le comhroinnt,

dúinn go léir de réir ár neamhriachtanas, tabhartas gach duine don neamhshaothar

amhail is nach raibh sé díreach neamh-mharbh, nach raibh sé ina athrú sofheicthe

ag dul ón bparthas Féin-bhainistithe go dtí an parthas Caipitlíoch

sa fhlaithreas seo mar a ndoiléiríonn toit sheasmhach bheo fós na hinfheistíochtaí

agus í ag casadh suas scaipeann sí iad ionas nach gcuirfidh siad isteach ar na súile,

mura bhfeiceann tú iad go soiléir, ciallaíonn sin nach ann dóibh go sofheicthe:

b'fhéidir go bhfuil Goldman agus Sachs fós i bpluais Marko

agus go bhfuil Dow Jones ar snámh timpeall mar eascann sin Loch Ohrid.

Níl a fhios ag an traein faoi, nó níl inti ach péist, a iompórtáladh le deireanas ón tSín

déanann sí iarracht tabhairt faoi chlaochlú, agus an teas a úsáid tiontú ina féileacán,

go háirithe do na paisinéirí nach cuimhin leo níos fearr ná sin.

Is cosúil gur clann le taithí na n-iarnród iad leath de na paisinéirí,

ní lucht pinsin amháin, ach an óige mhíotalach chomh maith

ní dhéanann siad ach gáire nuair a iarrann na seiceálaithe an ticéad,

leis an mhoill bheag chraiceáilte sin a thagann isteach mar fhaoiseamh grinn teannasach,  
amhail is gur ardaigh an gníomhaire a dhoirn agus fearg, ach ina áit sin thosaigh siad go léir  
ag gáire.

Amhail is gur gaolta de chineál éigin a bhí iontu, ag iarraidh síob a fháil saor in aisce  
sa phobal beag seo mar a bhfuil aithne ag cách ar a chéile  
níos fearr ná, abair, an sagart atá eolach ar anamacha marbha an chúraim uileshóisialaigh.

Níl aithne agam ar gach duine agus aon duine faoi leith agus níl d'eolas agam ach  
cumraíocht mná fíúntaí atá ina suí  
píosa ar dheis uaim; tá sí oscailte do m'amharc comhbhách,  
ina suí go teann taobh le hógánach atá, maidir leis féin,  
ina chodladh, a bhéal ar leathadh, amhail is go raibh sé ar a bhealach  
chun an pharthais féin, tar éis bricfeasta mór, b'fhéidir go raibh cúpla gloine leanna aige.  
Agus tá sise beagán toirtiúil, díreach ansin os cionn a glúine  
áit a stadann mná de bheith ag tabhairt aire dá gcuma, ag tabhairt cúil le mianta daoine eile  
a shásamh,  
ach tá sí álainn le linn chorradh is céadta ciliméadar seo thuras na traenach  
díreach don turas seo tugann an nádúr ábhar céadfaí agus daonna:  
na cíocha díreach álainn seo agus iad ag foghlaim fós conas análú  
a srón bhreá, a súile agus a gáire, a smigeanna beaga íochtaracha.

Sea, tá rud éigin te fúithi, bhí mo shúile in ann sin a dhéanamh amach,  
lochtanna beaga a coirp, ach cloíonn siad, a corp glan  
neamhghearrtha cosúil le diamant i dtír fíolagráin  
leis an luisne fhaiteach nádúrtha ag an áit a bhfásann na beola  
nó mar a bhfliuchann an t-allas orgánach a mala,

na teachtaireachtaí sotalacha sin aeróstaigh ar saoire,  
nó ó bhainisteoir caidrimh á gcur ó oifig a daidí,  
nó ó thaibhse d'uncaíl a bhfuil a neacht aoibhinn ag dul go Bitola  
níl a fhios ag aon duine go díreach cén áit agus cén fáth a bhfuil sí ag dul, ach tá an chuma  
chinnte sin uirthi  
nach féidir aon aithris mhicreascópach a cheilt, nach féidir feall a dhéanamh ar an mbreathnóir  
coimhthíoch sin  
tá sí réidh cheana féin cromadh ar stáisiún sin Bitola, a dhá cois  
go fíorphroifisiúnta, tarraingíonn siad beirt isteach i dtacsaí amháin  
ansin druideann sí a dhoirse go neamhchiontach, agus ar shiúl léi, a leantóir gan aithne  
ag fanacht.

An chríoch bhrónach sin le turas traenach ach b'fhéidir tús sona éigin.

Seo mé ag teacht arís, mo chathair, agus ba chóir dom a rá – seo linn a Théama dhil liom?

Is dócha go gcoinníonn tú scríbhneoirí áirithe calaoiseach,

iad siúd a shnoíonn a véarsaí amháil is a bheadh siad ag sní bhábóg vúdú:

bog anseo agus snigh ansiúd, gníomh lúcháireach gach áit!

Tá do chéadta bliain, a Bhantiarna liom, ag suimiú m'aoise, nó beagnach,

mar sin lig d'ár n-idil forbairt de réir na haoise agus na n-amanna

ní cosúil le do Heracleion a bhí cosanta tráth ach a ndearnadh neamart ann ansin

go léir súite aníos agus scaipthe anois ina dheannach, ní iontaobhais airgeadaíochta an Domhain.

Is eol don Domhan cad é a theastaíonn uainn, ach ní chuireann sí an t-eolas sin in iúl do na  
fíonchaora.

Is eol d'fhíonchaora chomh maith ach ní dhéanann siad cumarsáid mar éistean siad i gcónaí leis  
an raidió

agus leis an teilifís chomh maith, ag oibriú amach na réamhfhaisnéise laethúla

sula dtiocfaidh an aimsir agus na hamanna borba leis an mbarr a scrios.

Is eol do péitseoga an fhírinne chomh maith, is cuma cé chomh ciúin agus atá siad, leath-ite agus mura bhfuil siad slogtha ina n-iomlán ag na tosca, fulaingíonn siad a gcroílár.

Tá sin go breá, bíodh siad ciúin, dúnfaidh mé mo bhéal chomh maith

leis na focail atá gafa i mo bholg, bhí siad seo leath-ite freisin.

## 2 (Bitola, an 6 Lúnasa, 2017)

Má chaitheann tú cloch isteach i locht, ní chuirfidh an gníomh sin isteach ar an gcloch.

Más faide a théann tú ó dheas, is lú is gá dó é féin a chur in iúl.

DE réir mar a shiúlann tú síos cosán an phromanáid, ní ann do d'inní níos mó

bíonn duine soineanta agus iad ag breathnú ar na cosa agus aghaidheanna go léir tríd an gceo.

Sea, tá duine go mór soineanta, go díreach ná hinis a sheoladh,

ag an tábla taobh leat, tá dhá chluanaí ag déanamh scíthe.

Tá duine acu go mór álainn, tá a srón go maith aoibhinn,

ba bhreá linn go léir a horduithe a thabhairt di gan éadaí a bheith leagtha amach go soiléir.

Nocht, siúlaimid bóthar an aineolais agus an bhróin shoineanta

conas a bhraithimid é agus cá fhad ba chóir dúinn a bheith ann ag únfair?

Os comhair theach Manaki mar a dtagann gach coiscéim le chéile ag leanúint a chéile,

bíonn sé soiléir dúinn go bhféadfadh an t-am sinn a thabhairt chun na croiche.

Déan dearmad ar na coirm sin anois, an chuid is fearr nach raibh feicthe againn fós,

agus má thagann cuid eile, ina n-ionad seo, lig dóibh an chéim dheiridh a ghlacadh.

### **3 (Bitola, an 6 Lúnasa, 2017, díreach roimh mheán oíche)**

Sna caiféanna agus ar feadh na sráideanna, tá a gcosa ag na cathaoirreacha agus iad siúd atá ina suí iontu ag breathnú cosa eile chomh maith atá ag impí go mbreathnófaí orthu agus go mbainfidh dóibh mar na seanleabhair úd a fheidhmíonn, taobh leis na cinn nua seo, go díreach mar na crúcaí.

Agus na siopaí leabhar in áiteanna eile, bíonn siad seo mar na leabharlanna anseo d'éadach comhdhála éigin, na mionsciortaí seo spreagann siad na léitheoirí scríobh, ar nós Sextus Propertius ba bhreá le cuid daoine drochbhail níos crua fós a thabhairt orthu.

#### 4 (Bitola, an 8 Lúnasa, 2017)

Tar éis an réamhshúgartha mhealltaí ollmhór sin, mheall an fhearthainn an chathair.

Ní fearthainn ionsaitheach a bhí inti mar sin scuab an néal an tsráid go mion

bhí sé tuirseach agus gruama, an néal mall, ag tacht ó Bazar,

ó cheathrú na gconsal agus gach fadlíne féideartha,

bhí sé tiubh le paitean áirithe ag diúltú imeacht.

Gan faoileáin ar fhíor na spéire anseo. Gan éan ar fhíor na spéire.

Ionradh mall na múiche ó na Balcáin,

na miondifríochtaí dorcha seo ag teacht chun cinn, a mheascann le luí na gréine, dathanna

níos tibhe ná an espresso tanaí sin a thanaigh m'am

sa bistro ollmhór as comhréir lán daoine

suite go teann compordach díreach trasna ón Epinal.

Ní aon chúis le scaoll anseo, táimid go léir i dtír an phromanáid

amhail is gur sinne iadsan a bhí ag siúl sna páirceanna tamall ó shin, nó, fuist... ar láthair chatha,

oidhrí uile na Biosáinte, le roinnt Gotach nua-thagtha,

Sarmátaigh iar-nua-aoiseach agus lena lán Briotanach meabhrach go leor

agus ag an am céanna fear ó na Ciocláidéis á leanúint thart, Illiriach bródúil,

in éineacht leis an gcailín Múrach álainn sin agus Venéiseach gáifeach

a bhí díreach tar éis oileán Ohrid a fhágáil is spiorad “feragosto”.

Ó, tá ár ndóchais go léir dírithe ar neamh

cé go mbagraíonn sé ár Luan a mharú

agus a dhrochphór a scaipeadh ar fud na cathrach atá mapáilte amach,

agus ag an am céanna sa tóir ar mhílte saineolach ghealach fiolagráin Bitola

isteach i mbolg a phurgatóra le snagcheol bog agus tuascar-phopheol ina dhiaidh.



Sea, sin an áit a bheidh ann dúinn bailiú timpeall agus béicíl don olagarc teacht i láthair

nó is maith an aithne atá air a thugann solas na gréine chugainn tar éis shéasúr na fearthainne a bheith imithe

eisean an duine a smaoinoidh ar an tionscadal gnó, agus conas dul amach as an dúlagar an bealach is earótaí,

le go mbeidh a fhios againn cad é a bhfuil streachailt le déanamh ar a shon, fíú murab as Strumica ó thús é tar éis do na chéad néalta imeacht ó spéir agus na hamanna is déanaí a bheith ina dtost.

Bhí an ciúnas i réim anois tar éis an mheán oíche, tamall roimh uair na maidine,

bhí fíú an “RockKafana” ciúin, club chomh callánach sin a thug ar fhile Éireannach

a lóistín a athrú, taobh le mo cheannsa mar a bhfuilim ag scríobh véarsaí anois,

fuair sé i bhfad ón gclub, sheiceáil isteach sa cheathrú hurlár gan aon ardaitheoir ar bith.

Agus d’fhan mé anseo, san anord seo atá níos fearr ná achrann

leisciúil agus brónach nach bhfuil baint ar bith aige leis na spéartha.

Thosaigh an tintreach ag scríobh agus lean mé,

bhuel, ní féidir leat a bheith i do bhuaiteoir nuair a stiúrann an pobal an t-amhrán.

## 5 (Bitola, an 17 Lúnasa, 2017)

Thug siad mé leis an bhfile a fheiceáil inniu.

Thiontaigh an “inniu” sin isteach ina “inné”, nó d’fhanamar le chéile tamall.

Ní fhoilsíonn sé. Ní dhéanann sé ach léamh go hard.

Sea, níl sé ach ag léamh a chuid dánta. Go hard, go han-ard

a chuid filíochta go léir is cosúil.

Ansin déanann sé féin tráchttaireacht orthu: “Tá sin láidir! An-chumhachtach!”

Mhair an ócáid níos faide ná dhá uair an chloig, sa seomra os cionn na hiarsmalainne

an ceann príobháideach sin aige, an ceann is pearsanta,

gan aithne agus sollúnta, leathfholamh,

ach tá ceann de na pictiúir péinteáilte atá ar crochadh ansin Byronach go firinneach,

leis an Byron óg dea-ghléasta b’fhéidir, sa chúinne ar chlé ag taispeáint a leathphróifil ar dheis

agus ar thaobh na lámhe deise de, an leathphróifil ar chlé, tá Shelley, b’fhéidir, agus Ise.

Sea, tá sin ceart: an Ise shíoraí. Agus tá siad go léir péinteáilte go hálainn,

tá siad sa chéad sraith agus tá an chuid eile go díreach gránna.

Tá an cúlra kitsch, cailleadh iomlán peirspictíochta.

Sin rud amháin leis an ealaín – tá sé deacair fanacht ag coinneáil ag dul.

Ach ní ghéillfeadh sé: uair amháin a thosódh sé ag léamh, rachadh sé ar aghaidh go deo!

Nó sheinnfeadh sé dúinn téip ceann dá léamha,

an ceann poiblí, in iarsmalann nó i siopa búitíc athchóirithe

Agus é a fháil, uair amháin tugadh cuireadh dó fiú léamh in oifig an uachtaráin.

Agus a chuid dánta? Tosaíonn sé iad go measartha maith, ar bhealach ainrialáí,

cosúil le in “The Killer Poets” mar a labhraíonn an teideal ar a shon féin

agus tá an chuid eile, a deir sé, chomh hiontach ó thaobh stíle de agus atá an teideal.

Dán deas, cén fáth nach cuimhin liom é.

Agus ceann eile is cuimhin liom cineál,  
go díreach cosúil leis an gcéad cheann maidir lena atmaisféar, ach tá sé difriúil  
mar tá miondifríocht ann agus briseann sé a stíl ina dhá cuid.

“Skarani planini” an teideal atá air sa Mhacadóinis,  
ach ní rud é a cheapfá<sup>1</sup>  
ciallaíonn “skarani” “ag easaontú”, mar sin tá an dá shliabh ag easaontú,  
ní bhaineann sé le gnéas ná le hábhar earótach ach roinnt teannais ann,  
sea, sruthaíonn sé agus sruthaíonn agus sruthaíonn agus iompraíonn ciall fholaithe éigin ann  
ag pointe éigin tá sé le feiceáil go bhfuil sé lúbtha nó faoi chois  
agus é ag guí dóchais, ár ngné amhrasach i véarsa atá níos measa  
ná an t-ainm “Gaibriéil” a lua. Anois, tagann Fiach Dubh i gcónaí mar rogha níos fearr.

Tosaíonn an dá shliabh seo ag argóint agus tá an fhadhb díreach ansin,  
tá sé fisiciúil ach meitifisiciúil chomh maith, éiríonn seo beagán mearbhlach,  
agus de bhrí gur féidir leis an tsáraíocht seo maireachtáil tamall maith a fhad is go ritheann na beithigh ar  
shiúl uathu  
agus cuimhníonn Sé go cneasta orthu go léir, go hard agus beagán cantail air,  
ach ag tabhairt meas cuí dóibh: do na sionnaigh, mic tíre agus lincsí seo go léir  
agus do na hainmnithe níos lú freisin, tá siad cineál cosúil linn,  
ní luafadh an File an fhíric seo ach leomhfainn é a rá.

---

1 Is é a chiallaíonn “skarani” “scriosta”, “caite go dona leis” nó “truacánta” sa tSeirbis, an teanga inar scríobhadh an dán seo

Níl sé soiléir anseo mar i gcúpla líne cailleann Sé ciall, a thaisce,  
nó deirimis nár thuig mé an chiall, mar sin féin  
filleann sé ar fhoirse an dáin  
agus cuireann sé deireadh leis go ríméadach, lena lámh ardaithe chun na bhflaitheas.

Conas a chríochnaigh sé a léiriú? Níl aon smaoineamh agam amhail is  
gur éalaigh mé féin ón dán sin, i gcomhluadar na mbeithíoch eile úd sin  
agus iad ag fágáil an tsléibhe, is é sin a bhforaoisí féin  
chomh maith leis na foraoisí sin thall, suite sa sliabh eile.

B'in a lán ainmhithe don lán, a lán acu timpeall orainn.

Anseo bhog siad arís mé. Cá ritheann siad  
na neacha seo go léir, gan cleachtadh acu ar údarás  
ar lámh throm an Fhile  
a thógann í féin suas os ár gcionn ag ordú an chirt  
bímis ag éisteach leis nó ná bíodh, déanann sí amhlaidh i gcónaí, nó ar cheart dúinn breathnú ar an  
dofheicthe?

Anois agus mé i mo shuí leathdhúisithe i mo chlúid chathrach,  
os comhair na foraoise ciúine sin ar scáileán neamhghreanta  
agus caitheann mo shúile iontaofa an stánadh seasta, ag lonrú le litreacha  
agus na hainmhithe seo go léir – an bhféadfadh siad anois a bheith suite i Do bharróg bhinn?  
An bhféadfadh sé gurb é an solas féin atá ag spréacharnach i measc na gcrúb úd gan deireadh  
curtha ar adhairt the chodlatach an tsamhraidh chorraithigh sin  
a chuireann nasc agus scoilt araon eadrainn cineál cosúil leis an 29 Feabhra sin  
cineál consail leis na póga, na beola agus thit an dorchadas ar bhruach na habhann.

## 6 (Bitola, an 23 Lúnasa, 2017, bealaí móra)

Bíonn croí an fhabhcúin triomaithe ag an ngrian. Ach, a luaithe agus iad fliuch, ní bhfaighidh na héisc slaghdán.

Ní cheistíonn ár stánadh an t-aer te crithlonrach sin. Ar a laghad sin an tírdhreach nach bhfuil na cnoic oighir

i gcontúirt ann.

Tá an tsrón agus an chluas in amhras faoi rud éigin nach raibh ach na réaltaí ar an eolas faoi ní thagann siad i láthair riamh le linn an lae. Ní ghlacann siad ach eitiltí oíche agus eachtraí.

Níl ach ceithre chos ar an tábla ach bhí trí aoi againn aige,

Beirt fhear ó na Balcáin Thuaidh agus Bé ó Seattle.

Chuir sise agus an Chéad fhear cuid mastika amach<sup>2</sup> agus an Dara duine deoch éigin lán solais.

Agus do gach ceann acu tá gloine uisce á bruith, mar a dhéanann siad le fuil Coiligh Pholaigh.

Ba mhaith leo síol bainne a bhlaiseadh i ngloine, léigh siad faoi.

Tá an Chéad cheann ag brionglóideach faoina mhéara a shá isteach i mála duine éigin, ghoidfeadh sé margadh agus d'imeodh ansin as radharc.

Tá socraithe ag an Dara duine go bhfuil beagán ama ag teastáil uatha don ghníomh sin ionas nach mbéarfai orthu

ach, trioblóid ar bith, tasc éasca, críochnóidh siad é go huair na maidine.

Ar fud Bitola gheobhaidh tú an cháis an-bhlasta seo le crústa chomh mín le lása.

Caithfidh gach duine a bheith sásta anseo cé nár iarr siad sásamh.

Tá sin cineál cosúil le nuair a thosaíonn duine ólta ag gabháil amhráin, le nach mbeidh náire air na cordaí bealaithe ba chóir dó a chlúdach le peitil rós.

---

<sup>2</sup> Is licéar é Mastika blaitithe le maisteog, roisín a bhfuil blas beagán cosúil le péine nó céadar aige. Deoch a bhfuil blas láidir ainse aici, a óltar fuaraithe.

Phléifeadh sí Pioramus, agus Tisbé. Chomh maith leis sin, cad é ba chóir di a dhéanamh nó a dhéanamh di sa saol?

Chomhroinnfeadh sí crann fiú, na craobhacha a nascann iad le daoine.

*Sea, tá sin go hiomlán indéanta, a deir an Dara duine, sin mar a thagann a Trí*

*persona 'mise' i láthair,*

a fhad is go bhfuil an Chéad duine ag éisteacht leis na cuileoga ag dordán timpeall na scine, le cór duilleog  
ag timpeallú na dtionta.

Arna aistriú ón tSeirbea-Chróitis go Béarla ag Nina Živančević agus ón mBéarla go Gaeilge ag Séamus Mac Conmidhe.